Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14389/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0248(CNS)**

**JAI 1487**
**FRONT 274**
**FREMP 389**
**SCHENGEN 45**
**AVIATION 135**
**IA 183**
**RELEX 1258**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 671 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais agus maidir le caighdeáin theicniúla ina leith |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 671 final.

Faoi iamh: COM(2024) 671 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 8.10.2024
COM(2024) 671 final

2024/0248 (CNS)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais agus maidir le caighdeáin theicniúla ina leith

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2024) 671 final} - {SWD(2024) 672 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] déantar foráil gur féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach a gceart saorghluaiseachta agus a gceart cónaithe a fheidhmiú agus cártaí aitheantais agus pasanna in úsáid acu. Is doiciméid fhisiciúla ardslándála iad na doiciméid taistil sin, doiciméid atá bunaithe ar shonraíochtaí na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), agus atá feistithe le meán stórála (slis) éadadhaill ar a bhfuil sonraí beathaisnéiseacha an tsealbhóra, íomhá dá aghaidh agus dhá mhéarlorg dá chuid.

Ó bhí 2016 ann, tá EESI ag obair chun doiciméid taistil a dhigiteáil chun an t-aerthaisteal a éascú. Is é toradh na hoibre sin ag EESI forbairt caighdeáin le haghaidh dintiúr digiteach taistil a úsáideann na sonraí pearsanta (seachas méarloirg) a stóráiltear ar shlis doiciméid taistil. Is féidir dintiúr digiteach taistil a stóráil go slán, ar fhón póca mar shampla, lena úsáid aon uair amháin nó roinnt uaireanta. Is féidir le sealbhóirí a ndintiúr digiteach taistil a roinnt le páirtithe leasmhara ábhartha sula dtaistealóidh siad, amhail údaráis teorann agus iompróirí, trí úsáid a bhaint as comhéadan ar nós feidhmchlár fóin póca. Cuireadh bailchríoch ar an gcéad leagan de chaighdeán teicniúil EESI le haghaidh dintiúr digiteach taistil[2] cheana féin agus rinneadh é a thástáil i scéimeanna píolótacha[3].

D'fhéadfaí leas a bhaint as an dul chun cinn teicniúil i réimse na ndoiciméad taistil chun feidhmiú an chirt saorghluaiseachta a éascú, trí úsáid a bhaint as na sonraí ar shlis éadadhaill doiciméad fisiciúil chun dintiúir dhigiteacha thaistil a chruthú[4]. I gcomhthéacs an togra seo, ciallaíonn 'dintiúr digiteach taistil' léiriú digiteach ar chéannacht an duine a dhíorthaítear ón bhfaisnéis a stóráiltear ar shlis an chárta aitheantais is féidir a bhailíochtú go slán agus go hiontaofa trí úsáid a bhaint as bonneagar eochrach poiblí údarás an Bhallstáit a eisíonn an cárta aitheantais. Cé is moite de mhéarloirg an tsealbhóra, ba cheart na sonraí pearsanta céanna, lena n-áirítear íomhá d'aghaidh an tsealbhóra, a bheith sa dintiúr digiteach taistil sin agus atá ar an gcárta aitheantais ar ar a bhonn a chruthaítear é.

D'fhéadfadh dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais é a dhéanamh níos éasca do shaoránaigh den Aontas a gceart saorghluaiseachta a fheidhmiú. Toisc gur féidir le saoránaigh den Aontas a gcártaí aitheantais a úsáid chun teorainneacha seachtracha limistéir

---

1 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n- aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/38/oj).

2 Féach EESI, *Guiding Core Principles for the Development of Digital Travel Credential (DTC)* agus *Digital Travel Credentials (DTC), Virtual Component Data Structure and PKI Mechanisms*, Tuarascáil theicniúil, leagan 1.2, Deireadh Fómhair 2020.

3 Féach, mar shampla, Raja Rajavartiolaitos, '*Finland and Croatia are testing digital travel credentials in external border traffic in a DTC Pilot project*', 3.2.2023, le fáil ar líne ag: https://raja.fi/-/suomi-ja-kroatia-kokeilevat-digitaalisen-matkustusasiakirjan-kayttoa-ulkorajaliikenteessa-dtc-pilottiprojektissa?languageId=en_US; Rialtas na hÍsiltíre, '*Dutch participation in European DTC pilot*', 27.10.2023, le fáil ar líne ag: https://www.government.nl/documents/publications/2023/02/23/dtc.

4 Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le dul trasna theorainneacha seachtracha an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí, féach COM(2024) 670 final.

Schengen a thrasnú, chuirfeadh na dintiúir dhigiteacha thaistil sin ar a gcumas dóibh dul níos tapúla agus níos rianúla trí rialuithe teorann.

Chuige sin, tá an tionscnamh seo á chur chun tosaigh in éineacht le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear feidhmchlár le haghaidh cur isteach leictreonach sonraí taistil (an 'feidhmchlár Digiteach Taistil AE') agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/399 agus (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le húsáid dintiúr digiteach taistil[5]. I measc nithe eile, tugtar isteach leis an togra sin dintiúr digiteach taistil bunaithe ar phasanna agus leagtar amach ann sonraíochtaí don fheidhmchlár Digiteach Taistil AE, feidhmchlár fóin póca chun dintiúir dhigiteacha thaistil a eisiúint agus a chur isteach le haghaidh réamhsheiceáil roimh thaisteal. Ach an dá thogra a ghlacadh an tráth céanna, áirithítear comhsheasmhacht sna forbairtí maidir le cártaí aitheantais agus pasanna, agus é á chur san áireamh gur féidir an dá chineál doiciméid taistil a úsáid chun an ceart saorghluaiseachta a fheidhmiú. Mar thoradh air sin, ba cheart saoránaigh den Aontas a bhfuil cárta aitheantais acu a bheith in ann an feidhmchlár Digiteach Taistil AE a úsáid chun dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chárta aitheantais a chruthú agus a chur isteach díreach mar a dhéantar nuair a úsáidtear pasanna.

Nuair a bheidh siad ar fáil, d'fhéadfaí dintiúir dhigiteacha thaistil a úsáid chun gnéithe eile den tsaorghluaiseacht a éascú, amhail clárú leis na húdaráis náisiúnta nuair a théitear chun cónaí i mBallstát eile, rud a d'fhéadfadh an t-ualach riaracháin a laghdú. Ag céim níos déanaí, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta an tsaorghluaiseacht a fheidhmiú bunaithe ar dhintiúr digiteach taistil, agus air sin amháin, is é sin gan gá le cárta aitheantais fisiciúil ná pas. Ar deireadh, d'fhéadfadh dintiúr digiteach taistil rochtain a éascú ar scéimeanna ríomh-shainaitheantais, agus ar sheirbhísí a éilíonn sainaitheantas iontaofa. D'fhéadfadh sé sin saol laethúil saoránach den Aontas a shimpliú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach Ballstát é dá bhfuil náisiúntacht aige.

Tá an tionscal agus rialtais náisiúnta tosaithe cheana féin ag fiosrú bealaí chun faisnéis dhigiteach taistil a úsáid chun go mbeidh an próiseas taistil níos rianúla agus dírithe ar chustaiméirí. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart caighdeán aonfhoirmeach le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil a leagan síos ar leibhéal an Aontais, mar a fógraíodh i gclár oibre 2023 an Choimisiún[6], toisc go ndéanfaí na nithe seo a leanas leis: (i) an ilroinnt a sheachaint; (ii) comhlíonadh luachanna an Aontais a áirithiú; agus (iii) a ráthú gur féidir le gach saoránach den Aontas leas a bhaint as dintiúir dhigiteacha thaistil. Chuirfeadh sé ar a chumas don Aontas freisin an dul chun cinn ar chaighdeáin dhomhanda a mhúnlú, agus a leasanna eacnamaíocha agus a uathriail straitéiseach theicneolaíoch a chur chun cinn.

I bhfianaise a bhfuil thuas, is é is aidhm don togra seo dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais arna n-eisiúint ag na Ballstáit a chur ar bun is féidir le saoránaigh den Aontas a úsáid agus a gceart saorghluaiseachta á fheidhmiú acu.

Chun idir-inoibritheacht dhomhanda a bhaint amach, ba cheart sonraíochtaí teicniúla an Aontais le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a bhunú ar chaighdeán EESI le haghaidh dintiúr digiteach taistil. Chun a áirithiú gur féidir le gach saoránach den Aontas a bhfuil cárta aitheantais aige dintiúr digiteach taistil a fháil, ba cheart do gach Ballstát a eisíonn cártaí aitheantais dintiúir dhigiteacha thaistil a thairiscint dá náisiúnaigh. An tráth céanna, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar shaoránaigh den Aontas

5 COM(2024) 670 final.
6 COM(2022) 548 final.

dintiúr digiteach taistil a bheith acu más mian leo saorghluaiseacht a dhéanamh trína gcárta aitheantais fisiciúil nó a bpas a úsáid, agus é sin amháin.

Chun glacadh dintiúr digiteach taistil a chur chun cinn, ba cheart an rogha a bheith ag saoránaigh den Aontas dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chárta aitheantais a fháil nuair a fhaigheann siad cárta aitheantais fisiciúil nua. Anuas air sin, ba cheart iad a bheith in ann dintiúr digiteach taistil a fháil le cárta aitheantais bailí atá acu cheana féin, agus ba cheart a bheith in ann é a chruthú trí fheidhmchláir fóin póca san áireamh. Ar deireadh, ba cheart saoránaigh den Aontas a bheith in ann an dintiúr digiteach taistil a stóráil ina dTiachóg Eorpach Céannachta Digití[7].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an tionscnamh seo is gá go gcomhlíonfaidh cártaí aitheantais a eisíonn na Ballstáit caighdeán lena n-áirithítear gur féidir leis na cártaí aitheantais sin a bheith ina mbonn do chruthú dintiúr digiteach taistil. Chuige sin, cuireann an tionscnamh seo leis na rialacha ábhartha ar leibhéal an Aontais maidir le cártaí aitheantais, rialacha atá i Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] faoi láthair, agus tá sé ailínithe leis na rialacha sin. Tar éis don Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (AE) 2019/1157 a neamhbhailíochtú in *Landeshauptstadt Wiesbaden*[9], an 23 Iúil 2024 ghlac an Coimisiún togra[10] a chuir tús leis an nós imeachta do rialachán nua maidir le caighdeáin le haghaidh cártaí aitheantais.

Ní dhéanann an tionscnamh seo leasú ar na coinníollacha substainteacha a leagtar síos i dTreoir 2004/38/CE maidir le ceart shaoránaigh an Aontais chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát. An tráth céanna, trí dhintiúr digiteach taistil bunaithe ar chárta aitheantais a thabhairt do shaoránaigh den Aontas, féachann an tionscnamh seo lena dhéanamh níos éasca do shaoránaigh den Aontas an ceart sin a fheidhmiú i gcomhréir iomlán le Treoir 2004/38/CE.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá dlúthbhaint ag an tionscnamh seo, agus ag cur chun feidhme dintiúr digiteach taistil san Aontas go ginearálta, le forbairtí leanúnacha maidir le céannacht dhigiteach Eorpach agus leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití a chruthú. Ba cheart é a bheith indéanta dintiúir dhigiteacha thaistil a stóráil in éineacht le ceadúnais tiomána dhigiteacha, oidis íocshláinte agus doiciméid eile sa Tiachóg Eorpach Céannachta Digití.

Tá baint ag an tionscnamh seo freisin le straitéis 2020 an Choimisiún 'An Eoraip Dhigiteach', arb é is aidhm di tacú le glacadh na teicneolaíochta a dhéanfaidh fíordhifríocht do shaol daoine ó lá go lá. Tacaíonn an tionscnamh freisin leis an 'Compás Digiteach' do chlár an Aontais don 'Deacáid Dhigiteach', clár a gcuireann cuid de digiteáil seirbhísí poiblí chun cinn. Is é is sainchuspóir don 'Compás Digiteach' go mbeidh rochtain ag gach saoránach den

---

7 Mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

8 Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L 188, 12.7.2019, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1157/oj).

9 Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251.

10 COM(2024) 316 final.

Aontas ar ríomh-shainaitheantas faoi dheireadh 2030[11]. Sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[12], gheall an Coimisiún agus na comhreachtóirí a áirithiú go dtabharfaí an deis do dhaoine atá ina gcónaí san Aontas céannacht dhigiteach iontaofa atá inrochtana, deonach agus slán a úsáid. Ar bhonn níos ginearálta, cuidíonn an togra le cur le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha.

Freagraíonn an tionscnamh freisin don treocht ghinearálta dhomhanda i dtaca leis an digiteáil agus d'ionchais taistealaithe i dtaca le foirmiúlachtaí taistil atá níos tapúla agus níos rianúla ná riamh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le hAirteagal 77(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tugtar inniúlacht don Aontas forálacha a ghlacadh maidir le pasanna, cártaí aitheantais, ceadanna cónaithe nó le haon doiciméad den sórt sin atá ceaptha chun feidhmiú an chirt chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, ceart a ráthaítear in Airteagal 20(2)(a) CFAE, a éascú[13].

Is é is cuspóir don togra seo feidhmiú an chirt saorghluaiseachta ag saoránaigh den Aontas a éascú i dtimpeallacht shlán trí dhintiúir dhigiteacha thaistil bharántúla a thabhairt dóibh bunaithe ar na cártaí aitheantais a eisíonn na Ballstáit dóibh. Dá bhrí sin, tá an togra seo nasctha go dlúth leis na rialacha maidir le cártaí aitheantais fisiciúla. Dá bhrí sin, tá an togra seo bunaithe ar an mbunús dlí céanna agus atá an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n- eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta[14].

Déantar foráil maidir le nós imeachta reachtach speisialta le hAirteagal 77(3) CFAE. Agus bearta á nglacadh de bhun Airteagal 77(3) CFAE, ní mór don Chomhairle gníomhú d'aon toil tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le creat dlí an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, ní féidir réitigh dhigiteacha a úsáid i gcomhthéacs fheidhmiú an chirt saorghluaiseachta. Mar gheall ar chineál na faidhbe agus ar an ngá atá leis an idir-inoibritheacht a áirithiú, ní féidir leis na Ballstáit iad féin formáid aonfhoirmeach uile-Aontais le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a thabhairt isteach go héifeachtach, agus dá bhrí sin ní féidir leo feidhmiú na saorghluaiseachta ar bhonn na ndintiúr digiteach taistil sin a éascú. Bheadh an baol ann nach nglacfaí le réitigh náisiúnta i mBallstáit eile, agus bheadh ceisteanna ann maidir lena gcomhlíontacht le dlí an Aontais nuair a d'úsáidfí i gcomhthéacs na saorghluaiseachta iad.

Is é is aidhm don togra seo feidhmiú an chirt saorghluaiseachta a éascú tríd an rogha a thabhairt do shaoránaigh den Aontas dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar a gcártaí aitheantais náisiúnta a fháil agus a úsáid. Mar gheall ar an bhfairsinge agus ar na tionchair a bhfuil coinne leo, is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na cuspóirí a ghnóthú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

[11] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/europes-digital-decade-digital-targets-2030_ga
[12] IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.
[13] Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, mír 54.
[14] COM(2024) 316 final.

An tráth céanna, ní cheanglaíonn an togra seo ar na Ballstáit cártaí aitheantais a thabhairt isteach sa chás nach ndéantar foráil maidir leo faoin ndlí náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a ghnóthú, toisc nach n- athraíonn sé go bunúsach rialacha agus forálacha Threoir 2004/38/CE ná na rialacha ná na forálacha a leagtar síos sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n- eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta[15].

Ina theannta sin, ba faoi shaoránaigh aonair an Aontais a d'fhágfaí an cinneadh dintiúr digiteach taistil a fháil nó gan é a fháil. Bheadh na saoránaigh sin a roghnódh gan é a fháil fós in ann an ceart saorghluaiseachta a fheidhmiú trína gcárta aitheantais fisiciúil nó a bpas a úsáid, agus é sin amháin. Tá seans ann, áfach, nach dtairbheoidís de roinnt de na héascuithe a bheadh ar fáil do shaoránaigh den Aontas a mbeadh dintiúr digiteach taistil acu.

Tugtar mínithe breise maidir le comhréireacht na roghanna beartais éagsúla – lena n- áirítear na roghanna beartais nár coinníodh – sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo[16].

- **An rogha ionstraime**

Is é an rialachán an t-aon ionstraim dlí lena n-áirithítear cur chun feidhme díreach, láithreach agus coiteann dhlí an Aontais sna Ballstáit uile.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid d'ullmhú an tionscnaimh seo agus an togra a ghabhann leis[17] rinneadh raon leathan comhairliúchán le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis de chuid na mBallstát, gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, an tionscal, an pobal i gcoitinne, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu leis an taisteal idirnáisiúnta. Rinneadh comhairliúchán poiblí mar chuid den mheasúnú tionchair[18]. Rinneadh suirbhé Eorabharaiméadair speisialta freisin chun tuilleadh léargais a fháil maidir le tuairimí saoránach den Aontas i ndáil le húsáid dintiúr digiteach taistil le haghaidh taisteal trasteorann[19]. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus thacaigh a bhformhór leis an tionscnamh agus chuir siad i dtábhacht na buntáistí a bhfuil coinne leo agus an áisiúlacht d'údaráis náisiúnta agus do thaistealaithe araon a thiocfadh as a chur ar a gcumas do thaistealaithe dintiúir dhigiteacha thaistil a úsáid.

Chuir an Coimisiún an t-aiseolas a fuarthas sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin san áireamh agus an tionscnamh seo á ullmhú aige. Mar shampla, déanann an tionscnamh foráil maidir le húsáid dintiúr digiteach taistil a bheith deonach (gan bheith éigeantach do

---

15 COM(2024) 316 final.
16 SWD(2024) 671 final.
17 COM(2024) 670 final.
18 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13514-Travel-digitalising-travel-documents-to-make-travelling-easier/public-consultation_ga
19 Tuarascáil faoi Eorabharaiméadar Speisialta 536 maidir le digiteáil doiciméad taistil agus éascú an taistil.

thaistealaithe) agus molann sé caighdeán teicniúil aonfhoirmeach do gach dintiúr digiteach taistil de chuid an Aontais.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chun cuidiú an measúnú tionchair a ullmhú, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar seachtrach ar thionscnamh de chuid an Aontais maidir le digiteáil doiciméad taistil agus éascú an taistil chun roghanna a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Bhain an staidéar le tuairimí agus saineolas páirtithe leasmhara a bhailiú ó agallaimh straitéiseacha, ó chomhairliúcháin spriocdhírithe agus ó agallaimh dhoimhne agus ón gcomhairliúchán poiblí.

Tá scéimeanna píolótacha atá á gcistiú ag an Aontas ar siúl ag trí Bhallstát (an Fhionlainn, an Chróit agus an Ísiltír) chun dintiúir dhigiteacha thaistil a thástáil don taisteal trasteorann. Cuireadh an taithí agus na torthaí a fuarthas ó na scéimeanna píolótacha sin go dtí seo san áireamh agus léiríodh iad sa mheasúnú tionchar agus sa togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair[20] freisin agus an tionscnamh seo agus an togra a ghabhann leis[21] á n-ullmhú aige. Sa mheasúnú tionchair rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais, gach ceann acu a bhain le bearta reachtacha, toisc gur ghá leasú agus comhlánú a dhéanamh ar reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana féin maidir le doiciméid taistil agus seiceálacha teorann. Chuir sin cur chuige na reachtaíochta boige as an áireamh ón tús.

Bhí cúpla bloc tógála coiteann i gceist le gach rogha beartais, is iad sin: (i) idirthréimhse; (ii) úsáid chaighdeán teicniúil idirnáisiúnta EESI atá ann cheana; (iii) úsáid dheonach dintiúr digiteach taistil ag taistealaithe (mar a dheimhnigh an comhairliúchán poiblí); agus (iv) réiteach lárnach teicniúil de chuid an Aontais le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil a chruthú agus a chur isteach.

Is é an phríomhdhifríocht idir na trí rogha beartais an leibhéal solúbthachta a bheadh ag na Ballstáit maidir leis na nithe seo a leanas: (i) an deis go bhfaighidh daoine dintiúir dhigiteacha thaistil (toisc go bhfuil toirmeasc sainráite curtha ag Ballstáit áirithe ar rochtain ar shonraí slise doiciméad taistil); agus (ii) úsáid dintiúr digiteach taistil i gcomhthéacs taistil trasteorann.

Ní chumhdaítear san achoimre thíos ach na gnéithe atá ábhartha don togra seo.

De réir <u>rogha beartais 1</u>, ceadaíodh do na Ballstáit dintiúir dhigiteacha thaistil a chur ar fáil do thaistealaithe.

De réir <u>rogha beartais 2</u>, cuireadh d'oibleagáid ar na Ballstáit dintiúir dhigiteacha thaistil a chur ar fáil do thaistealaithe.

De réir <u>rogha beartais 3</u>, cuireadh d'oibleagáid ar na Ballstáit dintiúir dhigiteacha thaistil a chur ar fáil do thaistealaithe agus leagadh síos cur chuige comhchuibhithe maidir lena n-úsáid ar fud na mBallstát.

Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair, ba í an rogha beartais ab fhearr rogha 3 in éineacht le hidirthréimhse oiriúnach. De réir rogha 3, chuirfeadh na Ballstáit uile dintiúir dhigiteacha thaistil ar fáil bunaithe ar na doiciméid taistil a eisíonn siad cheana féin. Bheadh saoránaigh den Aontas in ann a ndintiúir dhigiteacha thaistil a úsáid: (i) sna Ballstáit a roghnaíonn dintiúir dhigiteacha thaistil a chur chun feidhme le linn idirthréimhse; agus (ii) i

[20] SWD(2024) 671 final.
[21] COM(2024) 670 final.

ngach Ballstát lena mbaineann tar éis na hidirthréimhse agus nuair a bheidh an réiteach coiteann teicniúil uile-Aontais réidh.

Ar an iomlán, is ag an rogha beartais ab fhearr atá an tionchar is dearfaí maidir leis na cuspóirí a ghnóthú a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) feidhmiú na saorghluaiseachta ar bhonn níos rianúla agus níos éasca a áirithiú; agus (ii) dianchaighdeáin slándála a choinneáil ar bun. Eascraíonn an tionchar sin go príomha as an dá oibleagáid ar na Ballstáit ligean do dhaoine dintiúir dhigiteacha thaistil a fháil agus iad a úsáid chun taisteal. Mar thoradh ar chomhlíonadh an dá oibleagáid sin, tá coinne leis an nglacadh is airde dintiúir dhigiteacha thaistil as na roghanna beartais ar fad. Leis an rogha beartais ab fhearr, bheadh an rogha ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cárta aitheantais comhlíontach aige dintiúr digiteach taistil a fháil ar an mbealach is éifeachtaí.

Bheadh buntáistí breise ag baint le dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a chaighdeánú, amhail éifeachtúlacht níos fearr d'iompróirí (aerlínte, loingseoireacht paisinéirí, cuideachtaí iarnróid, etc.) a d'fhéadfadh a chinneadh go deonach na dintiúir dhigiteacha thaistil a chomhtháthú ina sreabha oibre. Trí dhintiúir dhigiteacha thaistil a ionchorprú sa Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, chuirfeadh an togra seo ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas tuilleadh úsáide a bhaint astu.

Is teoranta an t-ualach a chuireann an rogha beartais ab fhearr ar na Ballstáit i dtaca le dintiúir dhigiteacha thaistil a sholáthar, ualach a dhéantar a fhritháireamh le tionchar dearfach na mbeart a bhfuil coinne leis. Is ar ghlacadh dintiúr digiteach taistil a bhraithfidh na buntáistí deiridh. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis na costais, na buntáistí agus meastóireachtaí cásbhunaithe ar an rogha beartais ab fhearr sa mheasúnú tionchair.

Níl coinne leis go mbeidh aon mhórthionchar ag an tionscnamh seo ar an gcomhshaol, go háirithe toisc go bhfuil coinne leis nach mbeidh aon tionchar ag an tionscnamh ar an méid taistil.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach uaidh maidir leis an measúnú tionchair an 15 Nollaig 2023[22], tuairim inar mhol sé go ndéanfadh an measúnú tionchair idirdhealú níos fearr ar na buntáistí ó thaobh na hiomaíochta de agus go ndéanfadh sé measúnú níos fearr ar na costais agus ar na buntáistí a bhaineann leis na roghanna éagsúla.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níor sainaithníodh aon tionchar sonrach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide le linn don togra seo a bheith á ullmhú.

Toisc go mbunófaí dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais leis an togra seo, tá sé go hiomlán i gcomhréir leis an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'.

- **Cearta bunúsacha**

Tá éifeacht dhearfach ag an togra seo ar cheart bunúsach na saoránach den Aontas chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse faoi Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') trí dhintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais a thabhairt isteach atá dírithe ar fheidhmiú an chirt sin a éascú.

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil (lena n- áirítear sonraí bithmhéadracha, is é sin íomhá d'aghaidh shealbhóir an dintiúir dhigitigh taistil) mar thoradh ar an togra seo. An oibleagáid íomhá den aghaidh a chur sa dintiúr digiteach taistil a eiseofar ar bhonn cártaí aitheantais, is srian é an méid sin ar an gceart go n- urramófaí an saol príobháideach agus ar an gceart go

[22] SEC(2024) 670.

ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint[23] araon. Ní mór forail a dhéanamh sa dlí maidir le srianta ar na cearta sin, agus ní mór bunbhrí na gceart sin a urramú. Ina theannta sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní féidir srianta den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad do chuspóirí leasa ghinearálta arna n- aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta daoine eile a chosaint[24].

Sa chomhthéacs sin, déantar foráil sa togra go mbeadh feidhm ag an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais[25], go háirithe na forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs cártaí aitheantais fisiciúla[26]. Dá bhrí sin, déanfar na srianta, mar aon leis na coinníollacha maidir le cur chun feidhme agus raon feidhme na srianta sin, a leagan síos i reachtaíocht an Aontais, sa togra seo go príomha, agus sa rialachán atá beartaithe maidir le cártaí aitheantais[27]. An oibleagáid chun íomhá d’aghaidh an tsealbhóra a áireamh, níl tionchar diúltach aici ar bhunbhrí na gceart bunúsach a chumhdaítear faoi Airteagail 7 agus 8 den Chairt, ós rud é nach féidir forléargas a fháil ar shaol príobháideach agus ar shaol teaghlaigh na n-ábhar sonraí de bharr na faisnéise a chuirtear ar fáil leis an íomhá aghaidhe féin[28].

Íomhá den aghaidh a chur sa dintiúr digiteach taistil, tá sé beartaithe leis gur féidir sealbhóir an dintiúir sin a shainaithint go hiontaofa tríd an íomhá dá aghaidh a chur i gcomparáid leis an íomhá atá sa dintiúr digiteach taistil nuair a thaispeántar an dintiúr digiteach taistil, agus ar an gcaoi sin déanfar calaois doiciméad a chomhrac, ar cuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas é, mar a dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais chomh maith[29].

Is iomchuí an íomhá den aghaidh a bheith sa dintiúr digiteach taistil chun an cuspóir leasa ghinearálta a ghnóthú maidir le calaois doiciméad a chomhrac, toisc gur modh é chun céannacht an tsealbhóra atá sa dintiúr digiteach taistil a fhíorú go hiontaofa, agus dá bhrí sin, is modh é chun an riosca calaoise a laghdú.

Ní tharraingítear amhras air sin de bhrí nach bhfuil méarloirg an tsealbhóra i ndintiúr digiteach taistil, murab ionann agus cártaí aitheantais fisiciúla, toisc go n-úsáidtear dintiúir dhigiteacha thaistil in éineacht le doiciméid fhisiciúla, seachas ina n-ionad. Má bhíonn amhras ar na húdaráis inniúla faoi bharántúlacht an dintiúir dhigitigh taistil nó faoi chéannacht an tsealbhóra, bíonn an rogha acu i gcónaí na méarloirg a stóráiltear ar shlis an chárta aitheantais a úsáid. Níl aon chaighdeán ann i láthair na huaire maidir le méarloirg a chur i ndintiúir dhigiteacha thaistil, agus mar gheall ar chosaint chripteagrafach méarlorg, níl sé indéanta iad a asbhaint de shlis an chárta aitheantais i gcás ar bith.

---

23 Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, míreanna 73 go 74.

24 Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, mír 76.

25 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí mar sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj) agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

26 COM(2024) 316 final.

27 COM(2024) 316 final.

28 Féach freisin breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, míreanna 80 go 81.

29 Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, mír 87 agus an cásdlí a luaitear.

Is gá an íomhá den aghaidh a bheith ann freisin chun an cuspóir leasa ghinearálta a shaothraítear a ghnóthú. Gan í, ní bheadh sa dintiúr digiteach taistil ach sonraí beathaisnéiseacha an tsealbhóra (amhail ainm, dáta breithe, etc.), agus ní modh iontaofa, éifeachtach aitheantais é sin.

Thairis sin, ní bheidh sonraí pearsanta nach bhfuil ar shlis an chárta aitheantais ar ar a bhonn a eiseofar dintiúr digiteach taistil sa dintiúr digiteach taistil sin. Go deimhin, is lú sonraí pearsanta a bheidh ann, toisc nach bhfuil méarloirg an tsealbhóra sa dintiúr digiteach taistil.

Mar a thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire cheana féin in *Landeshauptstadt Wiesbaden* maidir le cártaí aitheantais fisiciúla[30], níl na srianta a eascraíonn as na sonraí bithmhéadracha sin a chur ann – ag féachaint do chineál na sonraí atá i gceist, do chineál na n- oibríochtaí próiseála, don mhodh ina ndéantar iad agus do na coimircí a leagtar síos – tromchúiseach go leor go bhfuil siad díréireach le tábhacht an chuspóra a shaothraítear. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil beart den sórt sin bunaithe ar chothromaíocht chóir idir na cuspóirí sin, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, na cearta bunúsacha lena mbaineann. Dá bhrí sin, níl an teorannú ar fheidhmiú na gceart a ráthaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt contrártha le prionsabal na comhréireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Laistigh de 5 bliana de chruthú na chéad dintiúr digitigh taistil leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Eorpach an togra. Áiritheoidh sé sin go mbeidh sonraí leordhóthanacha ar fáil maidir le gach gné den rialachán. D'fhéadfaí an mheastóireacht sin a dhéanamh in éineacht leis an meastóireacht dá bhforáiltear sa togra a ghabhann leis seo[31].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In **Airteagal 1**, tugtar tuairisc ar ábhar an Rialacháin.

In **Airteagal 2**, tá na rialacha substainteacha a bhaineann le cruthú dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais arna n-eisiúint ag na Ballstáit dá náisiúnaigh féin dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Threoir 2004/38/CE i bhformáid a chomhlíonann an Rialachán atá beartaithe maidir le cártaí aitheantais fisiciúla[32].

Agus cárta aitheantais nua á eisiúint ag na Ballstáit, ba cheart dóibh dintiúr digiteach taistil comhfhreagrach a thabhairt d'iarratasóirí, arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart sealbhóirí cártaí aitheantais comhoiriúnacha a bheith in ann dintiúr digiteach taistil comhfhreagrach a iarradh ar na Ballstáit tar éis eisiúint na gcártaí aitheantais tráth níos déanaí.

[30] Breithiúnas an 21 Márta 2024, C-61/22, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, ECLI:EU:C:2024:251, míreanna 106 go 125.
[31] COM(2024) 670 final.
[32] COM(2024) 316 final.

Thairis sin, ba cheart sealbhóirí cárta aitheantais a bheith in ann dintiúr digiteach taistil a chruthú bunaithe ar an gcárta sin. Ba cheart é a bheith indéanta dintiúr digiteach taistil a eisiúint ó chian do shealbhóirí le modh a bheidh ar fáil don duine lena mbaineann, amhail fón póca atá in ann slis éadadhaill an chárta aitheantais a léamh in éineacht le feidhmchlár fóin póca.

Sula gcruthófar dintiúr digiteach taistil, ba cheart do na Ballstáit córas a chur i bhfeidhm chun barántúlacht agus sláine shlis an chárta aitheantais a dheimhniú agus chun a áirithiú gurb ionann an íomhá d'aghaidh an duine atá ag iarraidh an dintiúr digiteach taistil a chruthú agus an íomhá den aghaidh a stóráiltear ar an slis. Déantar sin chun a áirithiú gurb é an duine ar eisíodh an cárta aitheantais dó an duine a chruthaíonn an dintiúr digiteach taistil.

Chun dintiúr digiteach taistil a chruthú iad féin, ba cheart sealbhóirí cárta aitheantais a bheith in ann an feidhmchlár Digiteach Taistil AE, dá leagtar síos forálacha sa togra a ghabhann leis seo[33], a úsáid chun dintiúr digiteach taistil a chruthú iad féin. Tacóidh an feidhmchlár sin le cruthú dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais, ós rud é go n-úsáidfidh siad na caighdeáin theicniúla chéanna agus a úsáideann dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar phasanna.

Cé is moite de mhéarloirg an tsealbhóra, rud nár cheart a chur i ndintiúir dhigiteacha thaistil, ba cheart na sonraí pearsanta céanna, lena n-áirítear íomhá d'aghaidh an tsealbhóra, a bheith i ndintiúir dhigiteacha thaistil agus atá ar an gcárta aitheantais ar a bhfuil siad bunaithe.

Ba cheart sealbhóirí dintiúir dhigitigh taistil a bheith in ann é a stóráil sa Tiachóg Eorpach Céannachta Digití.

Thairis sin, leis an airteagal seo tugtar de chumhacht don Choimisiún, le gníomh cur chun feidhme, an dáta is déanaí a leagan síos óna bhfuil na Ballstáit le cruthú dintiúr digiteach taistil leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE a chumasú. Is é is aidhm don chumhachtú sin a áirithiú nach mbeidh feidhm ag an gceanglas dlí cruthú dintiúr digiteach taistil leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE a chumasú go dtí go mbeidh an feidhmchlár sin i seirbhís.

In **Airteagal 3**, leagtar amach an oibleagáid atá ar na Ballstáit pointí teagmhála a ainmniú maidir le chur chun feidhme an Rialacháin. D'fhéadfaidís a bheith mar an gcéanna leo siúd a ainmnítear le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe maidir le cártaí aitheantais fisiciúla[34].

Le h**Airteagal 4** foráiltear go bhfuil creat cosanta sonraí sonrach an rialacháin atá beartaithe maidir le cártaí aitheantais[35] le bheith infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin rialachán seo, de bhreis ar chreat cosanta sonraí an Aontais atá infheidhme go ginearálta. Níl gá le creat cosanta sonraí ar leithligh ós rud é go bhfuil na sonraí pearsanta céanna sna dintiúir dhigiteacha thaistil a bhunaítear leis an rialachán seo agus atá ar na cártaí aitheantas fisiciúla, cé is moite de mhéarloirg an tsealbhóra, agus ós rud é go bhfuil siad beartaithe lena n-úsáid chun na gcríoch céanna.

Le h**Airteagal 5**, tugtar de chumhacht don Choimisiún na sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus ceanglais le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil a eisítear ar bhonn cártaí aitheantais a ghlacadh, lena n-áirítear maidir leis na nithe seo a leanas: (i) a scéimre sonraí agus a bhformáid; (ii) a bpróiseas eisiúna agus nochta; (iii) a mbailíocht; (iv) a samhail iontaoibhe; (v) a bhfíordheimhniú agus a mbailíochtú; agus (vi) a gcúlghairm.

33 COM(2024) 670 final.
34 COM(2024) 316 final.
35 COM(2024) 316 final.

A mhéid is féidir, ba cheart na sonraíochtaí teicniúla sin a bhunú ar na caighdeáin agus na cleachtais idirnáisiúnta ábhartha a aontaíodh ar leibhéal EESI chun cur chuige comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta agus idir-inoibritheacht dhomhanda dintiúr digiteach taistil a áirithiú.

Beidh sé d'aidhm ag na sonraíochtaí teicniúla a áirithiú gur féidir an dintiúr digiteach taistil a stóráil sa Tiachóg Eorpach Céannachta Digití chomh maith.

In **Airteagal 6**, tá rialacha maidir leis an gcoiste ar a gcuirtear de chúram cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Rialachán a chur chun feidhme.

Is é 'an Coiste um fhormáid chomhionann do víosaí'[36] arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle[37] atá ainmnithe ina coiste freagrach, toisc go bhfuil sé chomh freagrach céanna as cúnamh a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an rialachán atá beartaithe maidir le cárta aitheantais fisiciúla[38].

In **Airteagal 7** leagtar amach go bhfuil an Coimisiún le meastóireacht a dhéanamh ar an rialachán agus tuairisciú air laistigh de 5 bliana ón dáta óna bhfuil na Ballstáit le cruthú dintiúr digiteach taistil leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE a chumasú de réir an ghnímh cur chun feidhme atá le glacadh de bhun Airteagal 2. Déanfar an mheastóireacht sin i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le 'rialáil níos fearr'[39] agus de bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40]. Chun bheith in ann tuarascáil den sórt sin a eisiúint, beidh ionchur ó na Ballstáit agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais de dhíth ar an gCoimisiún.

In **Airteagal 8**, tá rialacha maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin. Foráiltear ann nach mór do na Ballstáit tosú dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a eisiúint lasmuigh den fheidhmchlár Digiteach Taistil AE 12 mhí tar éis ghlacadh na sonraíochtaí teicniúla is gá dá dtagraítear in Airteagal 5. Beidh sé indéanta dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a chruthú leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE ag céim níos déanaí, ach ní go dtí go mbeidh an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 2 glactha ag an gCoimisiún.

---

36 https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/committees/C20800/consult?lang=ga

37 Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1683/oj).

38 COM(2024) 316 final.

39 https://commission.europa.eu/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga

40 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

2024/0248 (CNS)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais agus maidir le caighdeáin theicniúla ina leith

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], is iad cártaí aitheantais fisiciúla agus pasanna na doiciméid lena gcuirtear ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas a gceart saorghluaiseachta agus a gceart cónaithe a fheidhmiú.

(2) Chun cur le hiontaofacht agus glacadh cártaí aitheantais arna n-eisiúint ag na Ballstáit dá náisiúnaigh agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh agus, da bhrí sin, chun feidhmiú an chirt saorghluaiseachta a éascú, neartaíonn Rialachán (AE) XXXX/XXXX[3] ón gComhairle *[COM(2024) 316 final]* na caighdeáin slándála is infheidhme maidir leis na cártaí aitheantais agus na doiciméid chónaithe sin. Maidir le cártaí aitheantais, leagtar amach sa Rialachán sin na caighdeáin slándála, an fhormáid agus na sonraíochtaí a bhfuil doiciméid fhisiciúla den sórt sin le comhlíonadh.

(3) Chun feidhmiú an chirt saorghluaiseachta agus an chirt cónaithe a éascú, ba cheart rialacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le cruthú dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais, is é sin, léiriú digiteach ar chéannacht an duine a

---

1 IO C […], […], lch. […].

2 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n- aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/38/oj).

3 Rialachán (AE) XXXX/XXXX ón gComhairle an […] maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n- eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L […], […], lch. […], ELI: […]).

dhíorthaítear ón bhfaisnéis a stóráiltear ar mheán stórála cárta aitheantais agus is féidir a bhailíochtú trí úsáid a bhaint as bonneagar eochrach poiblí údarás an Bhallstáit a eisíonn an cárta aitheantais. Má dhéantar amhlaidh, seachnaítear teacht chun cinn caighdeán neamh-chomhoiriúnach laistigh den Aontas, agus áirithítear gur féidir le gach saoránach den Aontas a bhfuil cárta aitheantais aige dintiúir dhigiteacha thaistil a fháil más mian leis.

(4) Nuair a bhaineann feidhmiú an chirt saorghluaiseachta le taisteal go Ballstát eile, d'fhéadfadh úsáid dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais luas a chur le haon seiceáil is infheidhme. Dá réir sin, ba cheart saoránaigh den Aontas Eorpach a bheith i dteideal dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar a gcártaí aitheantais a fháil agus a úsáid. An tráth céanna, níor cheart é a bheith d'oibleagáid orthu dintiúr digiteach taistil a bheith acu ná leanúint dá úsáid nuair a bheidh sé acu.

(5) Chun go mbeidh sé éasca do shaoránaigh den Aontas dintiúr digiteach taistil a fháil, ba cheart do na Ballstáit, agus cárta aitheantais á eisiúint acu agus arna iarraidh sin don iarratasóir, dintiúr digiteach taistil chomhfhreagrach bunaithe ar shonraíochtaí comhchuibhithe an Aontais a eisiúint do shaoránaigh den Aontas chomh maith.

(6) Thairis sin, i bhfianaise go bhféadfadh sé nár roghnaigh saoránach den Aontas dintiúr digiteach taistil a fháil nuair a eisíodh cárta aitheantais dó, ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt do shealbhóirí cártaí aitheantais arna n-eisiúint acu i bhformáid a chomhlíonann ceanglas Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* dintiúr digiteach taistil chomhfhreagrach a chruthú ag céim níos déanaí, lena n-áirítear ó chian trí úsáid a bhaint as gléasanna amhail fóin phóca atá in ann meán stórála an chárta aitheantais a léamh in éineacht le feidhmchlár fóin póca.

(7) Nuair a chruthaítear dintiúr digiteach taistil ó chian, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, tríd an réiteach bogearraí is gá a chumrú dá réir, go ndéanfar barántúlacht agus sláine mheán stórála an chárta aitheantais fhisiciúil a fhíorú agus go dtiocfaidh an íomhá d'aghaidh an duine atá ag iarraidh an dintiúr digiteach taistil a chruthú leis an íomhá den aghaidh atá stóráilte ar an meán stórála sula gcruthófar an dintiúr. Déantar sin chun a áirithiú gurb é an duine ar eisíodh an cárta aitheantais dó, agus an duine sin amháin, an duine a chruthaíonn dintiúir dhigiteacha thaistil.

(8) Ós rud é go mbeifear in ann dintiúir dhigiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais a chomhlíonann ceanglas Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* a chruthú leis an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE, dá leagtar síos forálacha i Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] *[COM(2024) 670 final]*, ba cheart saoránaigh den Aontas a bhfuil cártaí aitheantais den sórt sin acu a bheith in ann an feidhmchlár sin a úsáid agus dintiúir dhigiteacha thaistil chomhfhreagracha á gcruthú ó chian acu.

[4] Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] lena mbunaítear feidhmchlár le haghaidh cur isteach leictreonach sonraí taistil (an 'feidhmchlár Digiteach Taistil AE') agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/399 agus (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le húsáid dintiúr digiteach taistil (IO L […], […], lch. […], ELI: […]).

(9) Ba cheart an tacaíocht a bheith ann chun an dintiúr digiteach taistil a stóráil i dTiachóga Eorpacha Céannachta Digití a eisítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(10) Ós rud é go ndíorthaítear iad ó chárta aitheantais, ba cheart na sonraí pearsanta céanna, lena n-áirítear íomhá den aghaidh, a bheith ag gabháil le dintiúir dhigiteacha thaistil. Trí shonraí bithmhéadracha, is é sin an íomhá den aghaidh go príomha, a chur sa dintiúr digiteach taistil, ba cheart a bheith in ann sealbhóir an dintiúir sin a shainaithint go hiontaofa tríd an íomhá dá aghaidh a chur i gcomparáid leis an íomhá atá sa dintiúr digiteach taistil nuair a thaispeántar an dintiúr digiteach taistil, agus ar an gcaoi sin déanfar calaois doiciméad a chomhrac. Mar a dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais, is cuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas é calaois doiciméad a chomhrac, ar a n-áirítear, i measc nithe eile, comhrac a dhéanamh ar tháirgeadh doiciméad bréagach agus ar úsáid doiciméad barántúil ag daoine nach iad fíorúinéirí na ndoiciméad barántúil sin iad.

(11) Mar sin féin, chun calaois doiciméad a chomhrac níor cheart méarloirg an tsealbhóra, atá ar mheán stórála cártaí aitheantais, a bheith i ndintiúir dhigiteacha thaistil. Níl aon chaighdeán ann i láthair na huaire maidir lena gcur i ndintiúir dhigiteacha thaistil, agus mar gheall ar a gcosaint chripteagrafach, níl sé indéanta méarloirg a asbhaint de mheán stórála cártaí aitheantais i gcás ar bith. Ní dhéantar dochar don chosaint ar úsáid chalaoiseach cártaí aitheantais toisc gan méarloirg a bheith i ndintiúir dhigiteacha thaistil, toisc go n-úsáidtear dintiúir dhigiteacha thaistil in éineacht le cártaí aitheantais fisiciúla, seachas ina n-ionad. Má bhíonn amhras ar na húdaráis inniúla faoi bharántúlacht an dintiúir dhigitigh taistil nó faoi chéannacht an tsealbhóra, bíonn an rogha acu i gcónaí na méarloirg a stóráiltear ar mheán stórála an chárta aitheantais a úsáid.

(12) Chun borradh a chur faoi ghlacadh dintiúr digiteach taistil, agus gan dochar d'inniúlacht na mBallstát na táillí le haghaidh eisiúint cártaí aitheantais a chinneadh, ba cheart dintiúir dhigiteacha thaistil a eisiúint saor in aisce.

(13) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a mhalartú le chéile chun barántúlacht agus bailíocht dintiúr digiteach taistil a fhíorú.

(14) Ós rud é gurb í an fhaisnéis ar mheán stórála chárta aitheantais an tsealbhóra atá i ndintiúr digiteach taistil a eisítear de bhun an Rialacháin seo, ba cheart a éascú lena eisiúint feidhmiú an chirt saorghluaiseachta agus an chirt cónaithe ag daoine a bhfuil doiciméad den chineál sin acu, lena n-áirítear i gcomhthéacs teacht isteach ar chríoch Ballstáit.

(15) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ós rud é go bhfuil na sonraí pearsanta céanna sna dintiúir dhigiteacha thaistil a bhunaítear leis an Rialachán seo agus atá ar chártaí aitheantais, cé is moite de mhéarloirg an tsealbhóra, agus go n-úsáidtear chun na gcríoch céanna iad, ba cheart

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh- shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh- idirbheart sa mhargadh inmheánach, (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

6 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí mar sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

feidhm a bheith ag na rialacha sonracha i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* maidir le cosaint sonraí pearsanta i ndáil le dintiúir dhigiteacha thaistil a chumhdaítear leis an Rialachán seo freisin.

(16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú d'eisiúint agus do chruthú dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus ceanglais a ghlacadh, lena n-áirítear maidir lena bpróiseas eisiúna, lena mbailíocht, lena bhfíordheimhniú, lena mbailíochtú agus lena gcúlghairm. Agus na sonraíochtaí teicniúla don dintiúr digiteach taistil á n-ullmhú ag an gCoimisiún, ba cheart dó iad a bhunú, a mhéid is féidir, ar na caighdeáin agus na cleachtais idirnáisiúnta ábhartha a aontaíodh tríd an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta chun cur chuige comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta agus idir-inoibritheacht dhomhanda dintiúr digiteach taistil a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún féachaint le hinrochtaineacht a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta faoi dhlí an Aontais. Thairis sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a dheimhniú go bhfuil sé indéanta go teicniúil dintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a chruthú tríd an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE, dá leagtar síos forálacha i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 670 final]* agus, ar an mbonn sin, chun an dáta a shocrú ónar cheart do na Ballstáit cruthú dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais leis an bhfeidhmchlár sin a chumasú ar a dhéanaí. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(17) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin feidhmiú an chirt saorghluaiseachta a éascú trí dhintiúir dhigiteacha thaistil bunaithe ar chártaí aitheantais a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach ach, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(18) I gcomhréir le míreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[8], ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí iarbhír agus ar an ngá le haon ghníomhaíocht eile.

(19) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

7 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

8 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

(20) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

(21) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), lena n-áirítear an ceart saorghluaiseachta agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart do na Ballstáit cloí leis an gCairt agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu.

(22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus thug sé tuairim uaidh an XXXX[10],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Sa Rialachán seo leagtar síos an creat le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil a eisiúint agus a chruthú bunaithe ar chártaí aitheantais arna n- eisiúint ag na Ballstáit do shaoránaigh den Aontas Eorpach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* chun éascaíocht a dhéanamh d'fheidhmiú an chirt dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(a) de Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ag saoránaigh den Aontas Eorpach a bhfuil na dintiúir dhigiteacha thaistil sin acu.

*Airteagal 2*
*Dintiúir dhigiteacha thaistil*

1. Arna iarraidh sin don duine a rinne iarratas ar chárta aitheantais, eiseoidh na Ballstáit dintiúr digiteach taistil in éineacht le cártaí aitheantais.

2. Arna iarraidh sin do shealbhóir cárta aitheantais arna eisiúint i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]*, eiseoidh an Ballstát a d'eisigh an cárta aitheantais dintiúr digiteach taistil.

3. Tabharfaidh na Ballstát an deis do shealbhóirí cárta aitheantais arna eisiúint acu i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* dintiúr digiteach taistil a chruthú ó chian. Chuige sin, beidh sealbhóirí in ann an

9 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

10 IO C […], […], lch. […].

feidhmchlár Digiteach Taistil AE, dá leagtar síos forálacha i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 670 final]*, a úsáid. Beidh sealbhóirí in ann rochtain a fháil ar na codanna sin de mheán stórála cártaí aitheantais is gá chun dintiúr digiteach taistil a chruthú.

Sula gcruthófar an dintiúr digiteach taistil, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar sláine agus barántúlacht mheán stórála an chárta aitheantais a fhíorú agus gurb ionann an íomhá d'aghaidh an duine atá ag iarraidh an dintiúr digiteach taistil a chruthú agus an íomhá den aghaidh atá stóráilte ar an meán stórála.

4. Maidir le dintiúir dhigiteacha thaistil a eiseofar nó a chruthófar de bhun an Airteagail seo:

   (a) beidh siad bunaithe ar na sonraíochtaí teicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 5;

   (b) beidh siad i bhformáid ar shlí gur féidir iad a stóráil i dTiachóga Eorpacha Céannachta Digití arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

   (c) beidh siad saor in aisce;

   (d) beidh na sonraí pearsanta céanna orthu, lena n-áirítear an íomhá den aghaidh, agus a bheidh ar an gcárta aitheantais a ndéantar iad a eisiúint nó a chruthú bunaithe air.

   Chun críoch phointe (d), ní bheidh méarloirg an tsealbhóra sna dintiúir dhigiteacha thaistil a eiseofar nó a chruthófar de bhun an Airteagail seo.

5. Cumasóidh na Ballstáit fíordheimhniú agus bailíochtú dintiúr digiteach taistil i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 5.

6. Nuair a dheimhneoidh an Coimisiún go bhfuil sé indéanta go teicniúil dintiúir dhigiteacha thaistil a chruthú bunaithe ar chártaí aitheantais arna n-eisiúint i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]* tríd an bhfeidhmchlár Digiteach Taistil AE a úsáid, dá leagtar síos forálacha i Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 670 final]*, cumasóidh na Ballstáit cruthú dintiúr digiteach taistil de bhun mhír 3 den Airteagal seo ón dáta a shocróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ar a dhéanaí. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2).

*Airteagal 3*
*Pointe teagmhála*

Ainmneoidh gach Ballstát údarás ina phointe teagmhála maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuirfidh gach Ballstát ainm an údaráis sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile. Má athraíonn Ballstát a údarás ainmnithe, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir.

*Airteagal 4*
*Cosaint sonraí pearsanta*

Sonraí pearsanta a stórálfar i ndintiúir dhigiteacha thaistil arna n-eisiúint nó arna gcruthú de bhun Airteagal 2, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) XXXX/XXXX *[COM(2024) 316 final]*.

*Airteagal 5*
*Sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus ceanglais*

Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus ceanglais le haghaidh dintiúir dhigiteacha thaistil arna n-eisiúint nó arna gcruthú ar bhonn cártaí aitheantais, lena n-áirítear maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) a scéimre sonraí agus a bhformáid;

(b) a bpróiseas eisiúna agus nochta;

(c) a mbailíocht;

(d) a samhail iontaoibhe;

(e) a bhfíordheimhniú agus a mbailíochtú;

(f) a gcúlghairm.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2).

Agus na sonraíochtaí teicniúla sin á nglacadh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ceanglais inrochtaineachta faoi dhlí an Aontais.

*Airteagal 6*
*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ó gComhairle[11], cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 7*
*Meastóireacht*

Faoi 5 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 2(6), déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Soláthróidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.

*Airteagal 8*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2(1) agus (2) ó 12 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm na sonraíochtaí teicniúla, na nósanna imeachta agus na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 5.

---

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1683/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*